



# An Phríomh-Oifig Staidrimh Central Statistics Office

## Preasráiteas Press Statement

### Eisíonn an Phríomh-Oifig Staidrimh torthaí Shuirbhéireacht Sláinte na hÉireann

**Tuairiscíonn 83% den bpobal atá 15 bliana d'aois nó níos sine go bhfuil an tsláinte go maith nó go han-mhaith acu**

**Éalang droma ainsealach an riocht sláinte is minice a thuiriscítear (19%)**

**Caitheann 22% den bpobal tobac agus ólann 81% alcól**

**Tá 53% den bpobal róthrom nó murtallach**

D'eisigh an Phríomh-Oifig Staidrimh torthaí [Shuirbhéireacht Sláinte na hÉireann \[EN\]](#) inniu. San eisiúint seo tugtar figiúirí ar ghnéithe éagsúla de riocht sláinte féintuairiscithe pobal na hÉireann. Lena chois sin, ta figiúirí na suirbhéireachta inchomparáide lena macasamhail ar fud an AE agus modheolaíocht sheasmhach in úsáid di.

Dúirt an staitisteoir Damian Lenihan agus é ag caint faoin eisiúint, "Leis an chéad eisiúint seo de Shuirbhéireacht Sláinte na hÉireann, cuirtear léargas cuimsitheach ar an tsláinte fhéintuairiscithe in Éirinn ar fáil. Tá sé seo amhlaidh de bharr leithead na suirbhéireachta. Iniúchtar gnéithe den tsláinte ar nós riocht sláinte, úsáid cúram sláinte agus deitéarmanaint sláinte.

Taispeánann na príomhthorthaí gur thuiriscigh 83% den bpobal a bhí 15 bliana d'aois nó níos sine go raibh an tsláinte go maith nó go han-mhaith acu.

Thuiriscigh 32% den bpobal a bhí 15 bliana d'aois nó níos sine go bhfuil breoiteacht nó riocht sláinte orthu atá ann le fada.

Ba iad seo a leanas na trí riocht sláinte is minice a tuairiscíodh sa tsuirbhéireacht: éalang droma ainsealach (19%), ardbhrú fola (16%) agus ailléirgí cosúil le rinítis, athlasadh súile, deirmitíteas, ailléirgí bia nó ailléirgí eile seachas plúchadh ailléirgeach (14%).

Thuiriscigh 8% den bpobal go raibh comharthaí dúlagair mheasartha ar a laghad orthu le linn na coicíse roimh an agallamh. Thuiriscigh 10% den aoisghrúpa 15-24 bliana gur thug siad cuairt ar shíciatraí, síceolaí nó síciteiripeoir le linn an dá mhí dhéag seo thart.

Ba é an meánlíon cuairteanna bliantúil ar an dochtúir ná 6.2 in aghaidh an duine. Ba é an meánlíon cuairteanna ag a bhfuarthas cóireáil ón mbanaltra amháin i gcleachtas dochtúra ná 2.9 in aghaidh an duine.

Thuiriscigh 24% den bpobal go raibh siad as láthair ón obair de dheasca fadhb sláinte ar feadh lae ar a laghad le linn an dá mhí dhéag atá thart.

Caitheann 22% den bpobal tobac, ólann 81% den bpobal alcól agus tá 53% den bpobal róthrom nó murtallach.

Tugann 10% den bpobal cúram do dhuine éigin ar a bhfuil riocht sláinte ainsealach nó éigliocht mar thoradh ar sheanaois. Ball teaghlaigh is ea an duine a dtugtar cúram dó/di i 86% de na cásanna seo. Is é 44.7 uair an meánlíon uaireanta a chaitear i mbun cúram a thabhairt in aghaidh na seachtaine."

Tuilleadh/...



An Phríomh-Oifig Staidrimh  
Bóthar na Sceiche Airde  
Corcaigh  
T12 X00E  
Éire

*Oifig i mBaile Átha Cliath*  
+353 1 4984000

Central Statistics Office  
Skehard Road  
Cork  
T12 X00E  
Ireland

*Dublin Office*  
+353 1 4984000

Íosghlao 1890 313 414 (Éire)  
0870 876 0256 (RA/TÉ)  
+353 21 453 5000

+353 21 453 5555

eolas@cso.ie  
www.cso.ie/en/baile/

I gcomhar tuilleadh eolais, cuir glaoch ar Damien Lenihan (021 - 4535424) nó ar Anne McGrath (021 - 4535487) nó cuir ríomhphost chuig [ih@csso.ie](mailto:ih@csso.ie).

*An Phríomh-Oifig Staidrimh*

*16 Samhain 2016*

**– CRÍOCH –**